Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 25 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**11830/22**

**LIMITE**

**CORLX 748**
**CFSP/PESC 1083**
**MAMA 162**
**FIN 1071**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2011/72/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe i gcoinne daoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2022/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2011/72/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe i gcoinne daoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Cinneadh 2011/72/CBES ón gComhairle an 31 Eanáir 2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe i gcoinne daoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis[1], agus go háirithe Airteagal 2(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

[1] IO L 28, 2.2.2011, lch. 62.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Eanáir 2011, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2011/72/CBES.

(2) Ar bhonn athbhreithniú a rinne an Chomhairle, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann le seachtar a scriosadh mar aon leis an bhfaisnéis a bhaineann lena gcearta chun cosanta agus lena gcearta chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/72/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/72/CBES mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

# IARSCRÍBHINN

I rinn A agus B den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (AE) 2011/72/CBES scriostar na hiontrálacha do na daoine seo a leanas:

'4. Mohamed Ben Moncef Ben Mohamed TRABELSI';

'36. Kaïs Ben Slaheddine Ben Haj Hamda BEN ALI';

'37. Hamda Ben Slaheddine Ben Haj Hamda BEN ALI';

'38. Najmeddine Ben Slaheddine Ben Haj Hamda BEN ALI';

'39. Najet Bent Slaheddine Ben Haj Hamda BEN ALI';

'43. Imed Ben Habib Ben Bouali LTAIEF';

'44. Naoufel Ben Habib Ben Bouali LTAIEF'.

PUBLIC